# Cruinniú Bord Bainistíochta Coláiste Ailigh

## Tuairisc Aontaithe

| | |
|---|---|
| **Dáta:** | 12/09/2024 |
| **Leithscéalta:** | Bernadette Ní Dhuibhir<br>Marcus Ó Corraín<br>Caitlín Uí Chochláin<br>Noelle Uí Mhaoilriain |
| **Freastal ar chruinniú:** | Pádraig Mac An Bhiocáire<br>Oilibhéar Mac Daibhéid<br>Shane Ó Breacáin<br>Helen Uí Cheallaig |
| **Rúnaí:** | Seán Mac Suibhne |
| **Rúnaí Taifeadta:** | Mairéad Uí Dhochartaigh |

| | |
|---|---|
| 1 | **Fáilte**<br>Toghadh Pádraig Mac An Bhiocáire ina Chathaoirleach Ghníomhach don chruinniú seo. Chuir an Cathaoirleach Gníomhach fáilte roimh na baill den Bhord don chéad chruinniú den scoilbhliain úr seo. |
| 2 | **Miontuairiscí ón chruinniú ar an 29 Bealtaine 2024**<br>Glacadh leis na miontuairiscí ón chruinniú ar an 29 Bealtaine 2024. |
| 3 | **Tuarascáil an Phríomhoide**<br>Eisíodh Tuarascáil an Phríomhoide do na baill den Bhord roimh an chruinniú.<br><br>**1. Bainistíocht na Scoile**<br>**2. Bainistíocht Acmhainní**<br>2.1. Áiseanna Scoile<br>2.1.1. Dorchla Tacaíochta & Seomra Ailigh (seomra céadfach) réidh don scoilbhliain nua.<br>2.1.2. Ascaill na scoile : ag iarraidh luas gluaisteán a ísliú nuair atá tuismitheoirí/baill fhoirne/cuairteoirí ag teacht chun agus ag fágáil na scoile.<br>**3. Féinmheastóireacht Scoile**<br>**4. Foghlaim agus Teagasc**<br>4.1. Ardteistiméireacht 2024: Thréaslaigh na baill den Bhord múinteoirí na scoile as ucht na sárthorthaí a ghnóthaigh na daltaí sna scrúduithe Ardteistiméireachta.<br>4.2. Torthaí na Sraithe Sóisearaí : eiseofar ar an 9 Deireadh Fómhair iad.<br>**5. Imeachtaí agus Éachtaí**<br>5.1. IB: turas thar oíche ar an 9ú agus 10ú Meán Fómhair.<br>5.2. Oíche Eolais do Thuismitheoirí na chéad bhliana ar an 10/11/24.<br>5.3. Glacfaidh foireann na ngasúr f16.5 páirt i mBlitz i bPeil Ghaelach i gConmhaigh ar an 13 Meán Fómhair. |

| | |
|---|---|
| | ***Imeachtaí ag teacht aníos…***<br>5.4. Taispeántas Ealaíne OTA/ Ospís Dhún na nGall, 13/09/2024. Thréaslaigh na baill den Bhord na daltaí ealaíne a chruthaigh saothar ealaíne den scoth, a bhí le feiceáil ar Nuacht 6.01 RTÉ agus ar Nuacht TG4 i rith na seachtaine, agus múinteoir Ealaíne na scoile, Annmarie Ní Chanainn.<br>5.5. Beidh daltaí na hIdirbhliana ag tabhairt faoi chlár 'Pathways', i nGartán i mí Mheán Fómhair & Deireadh Fómhair 2024<br>5.6. Oíche Eolais do Thuismitheoirí maidir leis an tSraith Shóisearach, 26 Meán Fómhair 2024.<br>5.7. Beidh daltaí na hIdirbhliana ag freastal ar Sheó Sábháilteachta ar Bhóithre in Ionad Aura anseo i Leitir Ceanainn ar an 08 Deireadh Fómhair 2024.<br>5.8. Beidh Lá agus Oíche Oscailte don scoilbhliain 2025/26 ar siúl ar an Chéadaoin, 9 Deireadh Fómhair 2024.<br>Féilire Scoile 'beo' ar www.colaisteailigh.ie |
| **4** | **Foirgneamh na Scoile**<br>● Rinneadh cuid mhór obair chothabhála ar thailte na scoile nuair a bhí an scoil druidte i rith an tsamhraidh. |
| **5** | **Teagasc agus Foghlaim**<br>Eiseofar torthaí na Sraithe Sóisearaigh ar an Chéadaoin, 9 Deireadh Fómhair 2024 |
| **6** | **Pleanáil le haghaidh Fobairt Scoile**<br>● Tá plean feabhsúcháin scoile 2024/25 foilsithe don scoilbhliain seo, le spriocanna leagtha amach ann don bhliain. |
| **7** | **Polasaithe Scoile**<br>1. Polasaí: Nósanna um Chosaint Leanaí: glacadh leis an pholasaí seo.<br>2. Polasaí Iontrála: glacadh leis an pholasaí seo. |
| **8** | **Míreanna sa Chlár Oibre Breise**<br>Éiteas: Déanfar béim ar luachanna éitis a chur chun cinn i ngach gné de shaol na scoile i rith na bliana. |
| **9** | **Tuarascáil chomhaontaithe do chomhlachtaí ainmniúcháin**<br>Le socrú. |
| **10** | **Aon Ghnó Eile (AGE)**<br><br>**CA25** : Seoladh ceiliúradh cúig bliana is fiche de Choláiste Ailigh ar an Aoine, 6 Meán Fómhair. Eagrófar imeachtaí ar an chúigiú lá fichead d'achan mí, ag toiseacht le rás/siúl 5k ar an Chéadaoin, 25 Meán Fómhair 2024. |